Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Samhain 2023
(OR. en)

15657/23
ADD 2

LIMITE

COPEN 399
JAI 1516
CODEC 2194

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0093(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15641/23 + COR 1, WK 15683/23 + REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú<br>- Ráiteas ó thoscaireacht na hÉireann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó Éirinn le haghaidh mhiontuairiscí Coreper agus na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú – Cur Chuige Ginearálta**

**Ráiteas ó Éirinn**

Le litir dar dáta an 13 Iúil 2023, thug Éire fógra go raibh sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an togra seo faoi Airteagal 3(1) de Phrótacal 21 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais).

Tá sé sin i gcomhréir leis an Dearbhú ó Éirinn maidir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais (Dearbhú C. 56), ina ndearbhaíonn Éire go bhfuil rún daingean aici a ceart faoi Airteagal 3 a fheidhmiú a mhéid a mheasann sí is féidir.

Is mian le hÉirinn Airteagal 67(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a mheabhrú, ina leagtar amach an méid seo a leanas: 'Is éard a bheidh san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.'

Trí roghnú a bheith páirteach sa togra seo, tá sé léirithe ag Éirinn gur mian léi oibriú i gcomhar maidir le himeachtaí coiriúla a aistriú. Mar sin féin, ionas go mbeidh Éire in ann an Rialachán a chur i ngníomh agus comhar éifeachtach a dhéanamh le Ballstáit eile de chuid an Aontais, ní mór córais cheartais choiriúil an dlí choitinn a chur san áireamh sa téacs críochnaitheach a ghlacfar.

Tá Éire den tuairim go mbaintear an aidhm sin amach sa Chur Chuige Ginearálta atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad 15657/23 an 24 Samhain 2023, agus tacaímid leis.

Áirithítear leis an sainmhíniú leasaithe ar 'údarás iarrtha' in Airteagal 2(4) gur breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí a dhéanfaidh an cinneadh maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú. Mar sin féin, déanann sé an chinnteoireacht sin a dhíchúpláil ó bhearta ullmhúcháin nó bearta ina dhiaidh sin a dhéanamh. Ar an gcaoi sin, is féidir an sainmhíniú a chur i bhfeidhm i gcóras dlí choitinn, córas ina ngníomhaíonn imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna go neamhspleách i bhfeidhmiú a gcumhachtaí agus ina bhfeidhmíonn siad feidhmeanna ar leith agus ar leithligh.



PUBLIC

Is mian linn buíochas a ghabháil leis an Uachtaránacht, le hArdrúnaíocht na Comhairle, le Seirbhís Dlí na Comhairle agus leis na Ballstáit as an gcúnamh a thug siad chun teacht ar réiteach atá fónta ó thaobh an dlí de, a urramaíonn bunús dlí an Rialacháin, agus nach mbeidh drochthionchar aige ar na Ballstáit a bhfuil traidisiún éagsúil dlí acu.

Táimid go láidir den tuairim gur cheart an leagan leasaithe d'Airteagal 2(4) atá san áireamh sa Chur Chuige Ginearálta a choinneáil sa chaibidlíocht thríthaobhach ionas nach mbeidh tionchar tromchúiseach aige ar chumas na hÉireann a áirithiú go mbeidh an Rialachán seo inoibrithe laistigh dá córas ceartais choiriúil.

PUBLIC